**Próiseas Comhairliúcháin faoi Ghrádú TGMO**

**Leabhrán Freagartha**

Ainm: (roghnach)

Cuir tic sa bhosca is fearr a léiríonn cén cineál freagróra tú:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dalta | ☐ | Duine den phobal | ☐ |
| Múinteoir | ☐ | Tuismitheoir | ☐ |
| Eagraíocht | ☐ | Ionadaí Ceardchumainn | ☐ |
| Eile | ☐ | | |

Má chuir tú tic le 'Eile', iarrtar ort mionsonraí a thabhairt:

Ainm na Scoile (má bhaineann sé le hábhar):

Uimhir Thagartha na Scoile (má bhaineann sé le hábhar):

Is féidir go gcuirfidh an Roinn freagairtí ar an suíomh gréasáin www.deni.gov.uk, ach má chuireann, ní bheidh ainmneacha ná seoltaí le feiceáil.

Tabhair do d'aird go bhféadfaí do fhreagairt a chur ar fáil don phobal, má iarrtar é, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (2000) (Iarscríbhinn A).

Más fearr leat do fhreagairt a choinneáil faoi rún, cuir tic sa bhosca seo ☐

Caithfear tuairimí agus freagairtí a bheith istigh faoi **19 Meitheamh 2015**:

aqt@deni.gov.uk
nó
An Fhoireann Measúnaithe agus Cáilíochtaí
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
Ráth Giall
BEANNCHAR
BT19 7PR

**C1a: An aontaíonn tú gur chóir leanúint ar aghaidh le gráid aibítreacha A* go G faoi choinne na TGMOnna a dhéanann CCEA?**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| Aontaím go láidir | Aontaím | Ní aontaím agus ní easaontaím | Easaontaím | Easaontaím go láidir | Níl a fhios agam |
| | | | | | |

**C1b: Tabhair tuilleadh eolais, le do thoil, a mhíneoidh cad chuige a n-aontaíonn / n-easaontaíonn tú.**

**C2a: An aontaíonn tú gur chóir úsáid a bhaint as gráid 9 go 1 faoi choinne na TGMOnna a chuireann CCEA ar fáil?**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| Aontaím go láidir | Aontaím | Ní aontaím agus ní easaontaím | Easaontaím | Easaontaím go láidir | Níl a fhios agam |
| | | | | | |

**C2b: Tabhair tuilleadh eolais, le do thoil, a mhíneoidh cad chuige a n-aontaíonn / n-easaontaíonn tú.**

**C3a: Dar leat, an dócha go mbeidh tionchar ag na moltaí atá le fáil sa doiciméad comhairliúcháin seo ar aon ghrúpa ar leith / ar dhaoine ar leith? (Cuir tic leis na catagóirí cuí)**

| **Catagóir** | **(Is dócha/Ní dócha)** |
|---|---|
| 1. daoine de chreidimh dhifriúla reiligiúnacha | |
| 2. daoine de thuairimí difriúla polaitíochta | |
| 3. daoine de ghrúpaí difriúla ciniúla | |
| 4. daoine d'aoiseanna difriúla | |
| 5. daoine de stádais dhifriúla pósta | |
| 6. daoine de chlaonta difriúla gnéis | |
| 7. fir agus mná go ginearálta | |
| 8. daoine atá faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil | |
| 9. daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil | |

**C3b: Tabhair tuilleadh eolais, le do thoil, le do fhreagra a mhíniú.**

| |
|---|
| |

**C4: Ginearálta – Tuairimí ar bith eile?**

| |
|---|
| |

## IARSCRÍBHINN A – AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2000 – RÚNDACHT I bPRÓISIS CHOMHAIRLIÚCHÁIN

Foilseoidh an Roinn achoimre ar na freagairtí nuair a bheidh an próiseas comhairliúcháin thart. Is féidir go nochtfar do fhreagairtse, agus na freagairtí eile ar fad, má iarrtar iad. Ní féidir leis an Roinn diúltú faisnéis a nochtadh ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Sula gcuirfidh tú do fhreagairt isteach, iarrtar ort na paragraif thíos a bhaineann le rúndacht i bpróisis chomhairliúcháin a léamh. Gheobhaidh tú treoir faoi stádas dlíthiúil na faisnéise a thabharfaidh tú mar fhreagairt ar an phróiseas comhairliúcháin seo.

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, tá sé de cheart ag an phobal faisnéis atá ag údarás poiblí, an Roinn sa chás seo, a fháil. Cuimsíonn an ceart seo faisnéis a thugtar mar fhreagairt ar phróiseas comhairliúcháin a fháil. Ní féidir leis an Roinn caitheamh gan cheist mar fhaisnéis rúnda le faisnéis a thugtar di mar fhreagairt ar phróiseas comhairliúcháin. Tá sé de fhreagracht uirthi, áfach, a shocrú cé acu ba chóir nó nár chóir faisnéis a thabharfaidh tú mar fhreagairt ar an phróiseas comhairliúcháin seo, faisnéis faoi d'aitheantas san áireamh, a eisiúint go poiblí nó a choinneáil faoi rún.

Ciallaíonn sé sin nach dócha go gcaithfear mar fhaisnéis rúnda leis an fhaisnéis a thabharfaidh tú mar fhreagairt ar an phróiseas comhairliúcháin, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Tá an méid seo a leanas i gCód Cleachtais an Ard-Seansailéara faoin Acht um Shaoráil Faisnéise:

- níor chóir don Roinn glacadh le faisnéis faoi rún ó thríú páirtithe ach amháin sa chás ina bhfuil sé riachtanach an fhaisnéis sin a fháil le ceann ar bith d'fheidhmeanna na Roinne a dhéanamh agus gan an fhaisnéis a bheith ar fáil ar dhóigh ar bith eile;

- níor chóir don Roinn a aontú go gcoinneoidh sí "faoi rún" faisnéis nach faisnéis rúnda í a fhaightear ó thriú páirtithe;

- caithfidh cúiseanna maithe bheith ag an Roinn le glacadh le forálacha rúndachta agus caithfear a bheith in ann na cúiseanna sin a chosaint os comhair an Choimisinéara Faisnéise.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi rúndacht freagairtí, déan teagmháil le hOifig an Choimisinéara Faisnéise (nó amharc ar shuíomh gréasáin: http://www.informationcommissioner.gov.uk/).